C/2025/2297

16.4.2025

Foilsiú leasaithe chaighdeánaigh fhormheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach, dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún

(C/2025/2297)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143

1. **Ainm an táirge**

'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

■ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

■ táirgí talmhaíochta

☐ fíonta

☐ deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad i gceist leis an iarratas ar leasú ar TGFC 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche', is é sin:

a) níl i gceist leis athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

b) ní dócha go gcuirfidh sé an nasc leis an timpeallacht gheografach ar neamhní;

c) níl tuilleadh srianta i gceist leis maidir le margú an táirge.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach atá an t-iarratas.

6. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. Údarás inniúil sa Bhallstát

Sa roinn 'Údarás inniúil sa Bhallstát', tugadh na sonraí teagmhála cothrom le dáta i gcás na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l'origine* – INAO) mar údarás inniúil an Bhallstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. Grúpa iarrthach

Sa roinn ‘Grúpa iarrthach’, tugadh mionsonraí an ghrúpa cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. Tuairisc ar an táirge

Leasaíodh an roinn ‘Tuairisc ar an táirge’ chun na critéir orgánaileipteacha shaintréitheacha a shonrú agus chun a shonrú nach mór na conablaigh a bheith i gcomhréir le critéir Aicme A.

Cuireadh soiléiriú isteach go bhféadfadh gearrthacha teacht ó chonablaigh Aicme A nó ó chonablaigh ar a bhfuil fabhtanna beaga. Ní mór na conablaigh óna dtáirgtear na gearrthacha íosmheáchan na gconablach dí-innithe gan gibléid a chomhlíonadh. Tá na gearrthacha i gcomhréir le critéir chur i láthair Aicme A. Sonraíodh na heilimintí cur i láthair le haghaidh na dtáirgí gearrtha freisin.

Cuireadh na gibléid san áireamh. Tógtar iad sin ó chonablaigh éanlaithe clóis a mharaítear le haghaidh an TGFC. Féadfar iad a mhargú ina n-aonair faoin TGFC.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. Sainmhíniú ar an limistéar geografach

Leasaíodh foclaíocht na roinne ‘Sainmhíniú ar an limistéar geografach’, ach níor leasaíodh an limistéar geografach féin. Tugadh liosta na mbardas cothrom le dáta tar éis go ndearnadh bardais a chumasc.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Leasaíodh an roinn ‘Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge’. Rinneadh tábla inrianaitheachta den léaráid inrianaitheachta agus tugadh catagóirí na n-oibreoirí a chumhdaítear leis an tsonraíocht cothrom le dáta. Sonraítear sa mhír roimhe seo inrianaitheacht ón mbun aníos agus ón mbarr anuas a thabhairt isteach.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. Modh táirgthe

Leasaíodh an roinn ‘Modh táirgthe’ mar seo a leanas:

— ‘Tréithchineálacha a úsáidtear’

Scriosadh an tábla tréithchineálacha agus cuireadh an feinitíopa a bhfuil coinne leis le haghaidh tháirgeadh TGFC ina ionad, agus sonraítear an chluimhreach agus dath na dtarsas freisin.

‘Clóis éanlaithe’

Tugadh ainm na roinne cothrom le dáta, mar aon leis an méid inti, agus scriosadh na saintréithe tuairisciúla sin nach féidir a rialú. Baineadh fíniúnacha freisin de liosta na speiceas a bhfuil coinne leo chun 30 crann a chomhaireamh thar na clóis éanlaithe.

‘Beatha’

Sonraíodh nach ceadmhach níos mó ná 15 % de na gránaigh agus na táirgí uile a dhíorthaítear ó ghránaigh a bheith i dtáirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh bunaithe ar mheáchan iomlán na foirmle.

‘Rialú galar’

Leasaíodh foclaíocht an cheannteidil ach níor athraíodh an próiseas rialaithe galar.

‘Iompar agus bailiú éanlaithe clóis’

Leasaíodh an tsonraíocht táirge chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse éigeantach aistarraingthe beatha agus chun an tréimhse uasta idir deireadh na bainte agus an marú, an tréimhse uasta feithimh idir teacht chuig an seamlas agus an marú agus na coinníollacha feithimh a shonrú.

‘Cur i láthair an táirge’

Scriosadh na tagairtí do na héin a ghearradh suas de láimh agus sonraíodh nach mór go gcomhlíonann conablaigh a gearradh suas critéir Aicme A.

Cuireadh forálacha leis an tsonraíocht maidir leis an am idir marú agus gearradh (96 uair an chloig) agus/nó domhainreo (lá + 3).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. Eilimintí lena dtugtar údar leis an nasc leis an timpeallacht gheografach

Atheagraíodh an roinn ‘Nasc leis an tionscnamh’ ina trí chuid chun idirdhealú a dhéanamh idir saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh, an táirge agus an nasc cúisíoch.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. Tagairtí don chomhlacht cigireachta

Sa roinn ‘Comhlacht cigireachta’, tugadh sonraí teagmhála Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, Gnóthaí Tomhaltóirí agus Cosc Calaoise (*Direction générale de la concurrence, de la consommation et de la répression des fraudes*, DGCCRF) agus na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l’origine*, INAO) cothrom le dáta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. Sonraí sonracha maidir le lipéadú

Leasaíodh an roinn ‘Lipéadú’ i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta arb é is aidhm dóibh an chaoi a dtarraingítear suas sonraíochtaí táirge a chomhchuibhiú. Scriosadh an mhír atá ann faoi láthair agus cuireadh abairt ina hionad lena sonraítear na heilimintí rialála éigeantacha.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. Ceanglais náisiúnta

Cuirtear an roinn ‘Ceanglais náisiúnta’, i láthair i bhfoirm tábla ina léirítear na príomhnithe nach mór cigireacht a dhéanamh orthu agus na modhanna meastóireachta nach mór a úsáid, i gcomhréir le hathruithe ar an reachtaíocht náisiúnta agus na rialacha náisiúnta. Cuirtear na pointí leasaithe a luaitear sna ceannteidil roimhe seo san áireamh agus cuirtear leis an tábla iad le haghaidh na bpointí lena mbaineann.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Poulet de l’Ardèche / Chapon de l’Ardèche’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ■

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

— 02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

0207 – Feoil agus scairteach inite, ó éanlaith atá faoi cheannteideal 0105, iad úr, fuaraithe nó reoite

0207 11 – nach bhfuil gearrtha ina bpíosaí, iad úr nó fuaraithe

— 02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

0207 – Feoil agus scairteach inite, ó éanlaith atá faoi cheannteideal 0105, iad úr, fuaraithe nó reoite

0207 12 – nach bhfuil gearrtha ina bpíosaí, iad reoite

— 02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

0207 – Feoil agus scairteach inite, ó éanlaith atá faoi cheannteideal 0105, iad úr, fuaraithe nó reoite

0207 13 – Gearrthacha agus scairteach, iad úr nó fuaraithe

— 02 – FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

0207 – Feoil agus scairteach inite, ó éanlaith atá faoi cheannteideal 0105, iad úr, fuaraithe nó reoite

0207 14 – Gearrthacha agus scairteach, iad reoite

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is ainmhithe saor-raoin den speiceas *Gallus gallus* iad 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche'.

Bíonn cruth conablaigh maith ar 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche', conablach feolmhar le beagán saille, mais matán dea-fhorbartha na bhfilléad agus na gcos agus feoil theann.

Tagann 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche' ó thréithchineálacha láidre a fhásann go mall. Ní mór an aois mharaithe a bheith 81 lá ar a laghad i gcás 'Poulet de l'Ardèche' agus 150 lá ar a laghad i gcás 'Chapon de l'Ardèche'.

Saintréithe an chur i láthair:

— ní dhéantar ach conablaigh Aicme A a mhargú mar phíosaí iomlána;

— maidir le conablaigh a dhíoltar ina n-iomláine, cuirtear i láthair iad agus na tarsais fillte laistigh de bhrollach an éin, faoin steirneam;

— i gcás inar gearradh suas an conablach, ní mór go gcomhlíonann na píosaí critéir chur i láthair Aicme A.

Cineálacha cur i láthair:

— glanta (meáchan íosta conablaigh = 1,3 kg i gcás na sicíní/2,9 kg i gcás na gcábún);

— réidh le cócaráil (meáchan íosta conablaigh gan ghibléid agus leis na tarsais = 1,030 kg i gcás na sicíní/2,530 kg i gcás na gcábún);

— gearrtha (a fhaightear ó chonablaigh gan tarsais, nach mór a meáchan íosta a bheith 90 % ar a laghad den mheáchan a shainítear le haghaidh éin iomlána atá réidh le cócaráil).

Cuirtear an fheoil (agus an scairteach) i láthair úr nó reoite.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Ó 42 lá d'aois ar a mhéad, tógtar sicíní agus cábúin 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche' faoin aer, agus saor-rochtain acu ar chlós ina bhfuil crainn curtha agus atá clúdaithe go nádúrtha le gairbhéal.

Is plandaí, mianraí agus vitimíní 100 % den bheatha. Tá dhá chineál gránaigh ar a laghad sa bheatha. Tá méid iomlán an ábhair shailligh sa bheatha teoranta do 6 %.

Sciar na ngránach sa bheatha:

— Le linn na céime tosaigh, ó lá 1 go lá 28 ar a mhéad: íosmhéid 50 % de ghránaigh;

— Le linn na céime ramhraithe, ón 29ú lá, an lá sin san áireamh, go dtí an marú: ní mór meánchéatadán ualaithe na ngránach agus na dtáirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh le linn na céime ramhraithe a bheith níos mó ná 80 % nó cothrom leis. Áirítear sa chéim sin tréimhse an 'fháis' agus an 'mhéathaithe'.

Ní féidir níos mó ná 15 % de na gránaigh agus na táirgí uile a dhíorthaítear ó ghránaigh a bheith i dtáirgí a dhíorthaítear ó ghránaigh.

Ní mór an bheatha a dháiltear a bheith gan aon substaint íocshláinte, lena n-áirítear coicideastait. Ní cheadaítear ach rialtóirí flóra nádúrtha.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tógtar sicíní agus cábúin 'Poulet de l'Ardèche'/'Chapon de l'Ardèche' sa limistéar geografach sainithe. Cumhdaítear leis an gcéim tógála an tréimhse ón nóiméad a chuirtear na sicíní lae i dtáirgeadh go dtí go dtugtar na sicíní chuig an seamlas.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an t-achar idir an fheirm agus an seamlas a bheith níos lú ná 100 km nó ní mór fad an turais idir an fheirm agus an seamlas a bheith níos lú ná 3 uair an chloig. Cuirtear éanlaith chlóis a dhíoltar ina n-iomláine i láthair lena dtarsais.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— an t-ainmniúchán: 'Poulet de l'Ardèche' nó 'Chapon de l'Ardèche'

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Roinn Ardèche (07):

Na bardais uile sna cantúin seo a leanas: Annonay, Annonay 1, Annonay 2, Aubenas 1, Haut-Eyrieux, Guilherand-Granges, Haut-Vivarais, Pouzin, Privas, Sarras, Tournon-sur-Rhône agus Rhône-Eyrieux.

I gcantún Aubenas 2: na bardais seo a leanas: Mercuer, Saint-Didier-sous-Aubenas, Saint-Etienne-de-Boulogne, Saint-Michel de Boulogne, Saint-Privat agus Vesseaux.

I gcantún Berg-Helvie: na bardais seo a leanas: Berzème, Darbres, Lussas, Mirabel, Saint-Gineys-en-Coiron, Saint-Jean-le-Centenier, Saint-Laurent-sous-Coiron, Saint-Pons agus Sceautres.

I gcantún Haute-Ardèche: na bardais seo a leanas: Astet, Barnas, Burzet, Chirols, Coucouron, Cros-de-Géorand, Issanlas, Issarlès, Lachapelle-Graillouse, Lalevade-d'Ardèche, Lanarce, Lavillatte, Le Béage, le Lac d'Issarlès, le Roux, Lespéron, Mayres, Mazan l'Abbaye, Meyras, Montpezat-sous-Bauzon, Péreyres, Pont-de-Labeaume, Prades, Sagnes-et-Goudoulet, Saint-Cirgues-en-Montagne, Sainte-Eulalie, Saint-Pierre-de-Colombier Thueyts agus Usclades-et-Rieutord.

Roinn Loire (42):

Na bardais uile sna cantúin seo a leanas: Pilat agus Saint-Chamond.

I gcantún Rive-de-Gier: na bardais seo a leanas: Châteauneuf, Farnay, La Grand-Croix, Lorette, Rive-de-Gier agus Saint-Paul-en-Jarez.

Roinn Haute-Loire (43):

Na bardais uile sna cantúin seo a leanas: Aurec-sur-Loire, Boutières, Deux-Rivières-et-Vallées, Emblavez-et-Megal, Mézenc, Monistrol-sur-Loire, Le-Puy-en-Velay, Le-Puy-en-Velay 3, Le-Puy-en-Velay 4 agus Yssingeaux.

I gcantún Bas-en-Basset: na bardais seo a leanas: Bas-en-Basset, Beauzac, Malvalette agus Retournac.

I gcantún Le-Puy-en-Velay 1: bardas Le-Puy-en-Velay:

I gcantún Le-Puy-en-Velay 2: na bardais seo a leanas: Chaspinhac, Le Monteil agus Le-Puy-en-Velay.

I gcantún Velay Volcanique: na bardais seo a leanas: Cussac-sur-Loire, Le Brignon agus Solignac-sur-Loire.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche' bunaithe ar cháil na dtáirgí agus ar an saineolas pórúcháin chomh maith.

Is éard atá i limistéar geografach 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche' masaíf shléibhte Vivarais, aonad sléibhtiúil a chumhdaíonn an Ardèche go príomha ach a fhorluíonn an chuid thoir den Haute-Loire agus an chuid theas den Loire freisin. Ceann de shaintréithe an limistéir sin is ea gurb éard atá ann go heisiach de bhardais atá suite i limistéir shléibhe agus i mbunchnoic, lena mbaineann míbhuntáistí a bhaineann le hairde, fánaí agus/nó aeráid a chuireann srian substaintiúil ar úsáid talún, agus ina bhfuil gníomhaíochtaí feirmeoireachta fairsinge á bhforbairt.

Tá aeráid idir talamh ard agus ilchríochach sa limistéar geografach a athraíonn de réir an tséasúir agus ina mbíonn difríochtaí móra sa teocht, áit a mbíonn an samhradh te agus an geimhreadh fuar, na hidirshéasúir an-ghearr agus timpeallacht ghaofar.

Thairis sin, is as carraigeacha bolcánacha ársa, eibhir agus sceall atá ithreacha an limistéir gheografaigh déanta. Gné choitianta de na carraigeacha sin is ea go bhfuil siad crua ach go scealptar go héasca iad, rud a fhágann go bhfuil líon mór clocha beaga ar thalamh na gclós éanlaithe.

Ar deireadh, cuirtear crainn sna clóis, ar féidir leis na héin rochtain a fháil orthu tráth ar bith, ar speicis áitiúla ar a laghad 30 crann díobh. Cosnaíonn siad sin an éanlaith chlóis ar ghrian an tsamhraidh agus cuireann siad teorainn le luas na gaoithe, rud a spreagann na hainmhithe dul lasmuigh agus a chuireann feabhas ar a sláinte. Trí chrainn de speicis áitiúla a úsáid is féidir an tírdhreach áitiúil a atáirgeadh sna clóis. Déantar aithris freisin sna clóis ar chineál míchothrom an limistéir gheografaigh.

Tá an talmhaíocht áitiúil bunaithe ar fheirmeoireacht mheasctha agus ar fheirmeoireacht beostoic, agus tá táirgeadh bainne agus torthaí ina gcuid di go háirithe. Is saintréith de feirmeacha beaga nach bhfuil mórán limistéar cothrom agus inmheicnithe i gceist leo.

Thairis sin, comhfhreagraíonn an rogha beatha, ina bhfuil cion ard gránach, do chleachtais thraidisiúnta fheirmeoirí Ardèche, a chuireadh gránaigh a shaothraítí ar an líon beag dáileachtaí talún feirme leis an gcandam a chuirtí ar fáil sna clóis.

Chun cineál saor-raoin an táirgthe a chaomhnú, lena n-áirítear rialú galar, ní úsáideann feirmeoirí forbhianna íocleasaithe sa bheatha, ach is fearr leo próifiolacsas coisctheach bunaithe ar rialú bitheolaíoch agus eastóscáin plandaí a úsáid.

I gcomhthéacs bhánú na tuaithe agus thréigean na talmhaíochta, bhog feirmeoirí i dtreo táirgeadh éagsúlaithe, rud a chuireann ar a gcumas úsáid a bhaint as an talamh míchothrom sa limistéar geografach, déileáil leis na dálaí crua aeráide lena mbaineann difríochtaí móra teochta arna ngéarú ag an ngaoth, a n-ualach oibre a eagrú i rith an lae agus in imeacht na séasúr agus ardaidhmeanna táirgeoirí áitiúla maidir le táirgeadh ardcháilíochta a mheaitseáil. Bunaíodh táirgeadh éanlaithe clóis grísce atá traidisiúnta agus ar ardchaighdeán araon chun na cuspóirí éagsúla sin a chomhlíonadh.

In 1985, bhunaigh feirmeoirí *Confrérie des Volailles Fermières de l'Ardèche et du Haut Vivarais* [Cumann Éanlaith Feirme Ardèche agus Haut Vivarais] agus rún acu a dtáirgeadh a chur chun cinn i gcomhthéacs na gastranamaíochta, na turasóireachta agus an chultúir. Cuireadh comhlachas cosanta ar bun an tráth céanna.

Déantar idirdhealú ar na píosaí iomlána agus na gearrthacha a dhíoltar faoin ainm 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche' mar gheall ar an gcáil a fuair siad i gcaitheamh na mblianta, cáilíocht na dtáirgí, na modhanna ullmhúcháin agus saineolas na bhfeirmeacha.

Féadfar táirgí a chomhlíonann critéir Aicme A a mhargú mar chonablaigh ghearrtha, mar chonablaigh atá réidh le cócaráil agus na tarsais fillte laistigh de bhrollach an éin, faoin steirneam, mar phíosaí gearrtha nó mar scairteach. D'fhéadfadh na táirgí sin uile a bheith beartaithe le haghaidh líonraí dáileacháin éagsúla agus, dá bhrí sin, féadfar iad a phacáistiú de réir riachtanais na dtomhaltóirí.

Tá an limistéar geografach ina dtógtar an éanlaith chlóis faoin ainm 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche' suite i limistéar sléibhte agus bunchnoc atá fabhrach do thógáil saor-raoin éanlaithe clóis.

Saintréith den tírdhreach is ea limistéir mhalartacha nádúrtha agus talmhaíochta a bhfuil úsáidí éagsúla acu: feirmeoireacht stoic, crannadóireacht, feirmeoireacht torthaí beaga, fíonsaothrú agus fás castán.

Tógtar na héin ag baint úsáid as modh faoin aer atá bunaithe ar thréithchineálacha crua a bhfuil fás mall agus soghluaisteacht ard acu atá oiriúnach don saol lasmuigh, rud a chuireann ar a gcumas úsáid a bhaint as na clóis mhíchothroma a fhaightear go ginearálta sa limistéar geografach. Thairis sin, úsáidtear leis an modh feirmeoireachta saor-raoin clóis a thugann léargas ar na tírdhreacha atá sa limistéar geografach – ar clóis iad atá míchothrom go minic, ina bhfuil crainn de speicis a chomhfhreagraíonn don tírdhreach áitiúil ar gach thaobh díobh agus ina bhfuil grean nádúrtha atá mar thoradh ar dhíghrádú na gcarraigeacha atá ina saintréith de chuid an limistéir gheografaigh: carraigeacha bolcánacha ársa, eibhir agus sceall. Rannchuidíonn saintréithe na gclós sin le freastal ar riachtanas na n-ainmhithe aclaíocht agus beatha bhreise a fháil (féar, feithidí) agus cabhraíonn siad lena bhfolláine díleácha, toisc go soláthraíonn siad an grean is gá dóibh chun a mbia a dhíleá i gceart.

Cuidíonn míchothromaíocht na gclós leis na matáin uachtaracha a fhorbairt, go háirithe sna cosa, agus saillte a dhíothú, rud a thugann saintréith ar bheagán saille do 'Poulet de l'Ardèche / Chapon de l'Ardèche'.

Ag tosú sna 1960idí i dtuaisceart Ardèche, tháinig forbairt fíorthionscail éanlaithe clóis chun cinn sna 1980idí, agus bhunaigh feirmeoirí *Syndicat de Défense des Volailles Fermières de l'Ardèche* in 1985.

Cruthaíodh cáil an táirge freisin le líon na nduaiseanna a bhuaigh sé. Mar shampla, bhuaigh sé roinnt bonn ag an gComórtas Ginearálta Talmhaíochta, agus bronnadh dhá bhonn airgid in 1993 agus 1997 ar 'Poulet de l'Ardèche' gan gibléid agus ar chosa 'Poulet de l'Ardèche' faoi seach, agus bhuaigh an dara ceann bonn cré-umha in 1996 freisin.

Chuir rannpháirtíocht na bhfeirmeoirí ag na díolphointí, i lárionaid turasóireachta agus ag aontaí áitiúla, áiteanna ina labhraíonn siad faoina modh táirgthe agus a n-oidis dá dtáirgí, leis an rath sin.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-efdfe564-6283-4f26-95c5-276997e6f349